# Daonáireamh na hÉireann 2011


# Cainteoirí Gaeilge

## Clár Ábhair

**Leathanach**


| Clár Ábhair | Leathanach |
|---|---|
| Cainteoirí Gaeilge | 3 |
| Cainteoirí Gaeilge de réir chontae | 4 |
| Cainteoirí Gaeilge laethúla | 5 |
| Cainteoirí Gaeilge laethúla de réir ceantair | 6 |
| Cainteoirí Gaeilge laethúla agus seachtainiúla | 7 |
| Cainteoirí Gaeilge laethúla | 8 |
| An Ghaeltacht | 9 |

**Figiúr 17 Daonra (d'aois 3 bliana agus níos sine) na gcainteoirí Gaeilge de réir aoise agus minicíocht labhartha na Gaeilge, 2011 (1,759,026 duine)**




## An bhfuil tú in ann Gaeilge a labhairt?

B'ionann an líon daoine (d'aois 3 bliana agus níos sine) a bhí in ann Gaeilge a labhairt i mí Aibreáin 2011 agus 1,774,437. Méadú de chuid 7.1 faoin gcéad ba ea é seo ar an 1,656,790 duine a bhí in ann Gaeilge a labhairt i mí Aibreáin 2006. Bhí níos mó baineannaigh (973,587) ná fireannaigh (800,850) in ann Gaeilge a labhairt.

## Lucht scoile agus an Ghaeilge

Léiríonn figiúr 17 thuas an struchtúr aoise dóibh siúd a bhí in ann Gaeilge a labhairt de réir minicíocht labhartha na Gaeilge. Léiríonn an graf go soiléir (sna barraí gorm eadroma) an líon ard páistí scoile a labhair Gaeilge ar bhonn laethúil laistigh den chóras oideachais. Idir aois 5 bliana agus 18 mbliana go heisiatach labhair díreach faoi bhun 450,000 páiste Gaeilge ar bhonn laethúil agus iad ar scoil, arbh ionann sin agus 87 faoin gcéad den líon iomlán a labhair Gaeilge sa chóras oideachais in 2011.

## Cainteoirí laethúla

Bhí 77,185 duine ag labhairt Gaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais i mí Aibreáin 2011 (á léiriú le dath dearg sa ghraf thuas). Bhí fiche trí faoin gcéad dóibh sin idir aois 5 bliana agus 18 mbliana (17,457 duine), bhí 23,359 (30%) eile san aoisghrúpa 25-44. Bhí níos mó mná (42,157) ná fir (35,028).

## Cainteoirí seachtainiúil

Bhí 110,642 duine a dúirt gur labhair siad Gaeilge ar bhonn seachtainiúil lasmuigh den oideachas. Arís, bhí níos mó baineannaigh (61,176) ná fireannaigh (49,466) ag labhairt Gaeilge ar bhonn seachtainiúil agus líon sách níos mó baineannaigh a labhair Gaeilge go seachtainiúil san aoisghrúpa 35-44 ná mar a bhí sna haoisghrúpaí neamh-scoile eile.

*Tábla leathanach 68*

# Cainteoirí Gaeilge de réir chontae

## Contae na Gaillimhe

Bhí caoga a haon faoin gcéad de dhaonra na Gaillimhe in ann Gaeilge a labhairt in 2011 – an céatadán is airde as na contaetha ar fad, arna léiriú i bhfigiúr 18. Ar na chéad chontaetha eile is airde bhí an Clár (48.1%), Tiobraid Árann Thuaidh (47.1%) agus Contae Luimnigh (47%), leis na céatadáin is ísle ag Cathair Bhaile Átha Cliath (32.1%), Baile Átha Cliath Theas (35.8%) agus Lú (36.1%).


## Cainteoirí Gaeilge i gceantair tuaithe agus i gcathracha

Ag breathnú ar an tír i dtéarmaí cineál ceantair, bhí an céatadán is airde daoine a bhí in ann Gaeilge a labhairt i gceantair tuaithe le 46.3 faoin gcéad de chainteoirí Gaeilge, i bhfad os cionn meán an Stáit de chuid 40.6 faoin gcéad.


I measc na gcathracha, bhí an ráta is airde cainteoirí Gaeilge ag cathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte (44.2%) á leanúint ag cathair agus bruachbhailte Chorcaí (44%). Taifeadadh ráta is ísle na gcathracha i gcathair agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath (35.2%).

As na bailte, bhí an ráta is airde de chainteoirí Gaeilge ag bailte níos lú le daonra faoi bhun 1,000 iontu, le 41.6 faoin gcéad dá ndaonra.

**Figiúr 18 Céatadán na gcainteoirí Gaeilge i ngach contae, 2011**




**Figiúr 19 Céatadán na gcainteoirí Gaeilge i gcathracha, bailte agus ceantair tuaithe, 2011**




## Is fíric í!

**40.6%** Céatadán den daonra a bhí in ann Gaeilge a labhairt in 2011 (1,774,437 duine)

**35.2%** Céatadán na gcainteoirí Gaeilge uile a chónaigh i gceantair tuaithe in 2011 (624,297 duine)

**51%** Céatadán de dhaonra chontae na Gaillimhe a bhí in ann Gaeilge a labhairt in 2011 (76,971 duine)

**161,868** Líon daoine i gcontae Chorcaí a bhí in ann Gaeilge a labhairt in 2011 – an ceann is airde as na contaetha riaracháin ar fad

**373,706** Líon daoine i cathair Bhaile Átha Cliath agus a bruachbhailte a bhí in ann Gaeilge a labhairt in 2011

# Cainteoirí Gaeilge laethúla

## Cainteoirí laethúla


As an 1.77 milliúin duine (d'aois 3 bliana agus níos sine) a léirigh go rabhadar in ann Gaeilge a labhairt i ndaonáireamh 2011, dúirt 77,185 gur labhair siad Gaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Léirigh sé seo 1.8 faoin gcéad den daonra d'aois 3 bliana agus níos sine.

## Níos mó baineannaigh

Bhí 42,157 baineannach ag labhairt Gaeilge ar bhonn laethúil in 2011 i gcomparáid le 35,028 cainteoir Gaeilge laethúil fireannach, cosúil le 2006 nuair ba mhó líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla baineannaigh ná líon na gcainteoirí laethúla fireannaigh. Léiríonn figiúr 20 thall cóimheas inscne de réir aoisghrúpa 5 bliana de chainteoirí Gaeilge laethúil do 2006 agus 2011.

Suas go aois 52 bhí níos mó baineannaigh ná fireannaigh i ngach bliain d'aois singil agus, bhí níos mó baineannaigh sna tríochaidí agus daichidí ná mar a bhí i gcás a gcontrapháirteanna fireanna ach go háirithe. Ní raibh ach 634 cainteoir Gaeilge laethúil fireannach in aghaidh gach 1,000 baineannach san aoisghrúpa 35-44.

**Figiúr 20 Cainteoirí Gaeilge laethúla; fireannaigh in aghaidh gach 1000 baineannach, 2011**





## Is fíric í!

**42,157** Líon na mbaineannach a labhair Gaeilge go laethúil (lasmuigh den chóras oideachais)

**35,028** Líon na bhfireannach a labhair Gaeilge go laethúil (lasmuigh den chóras oideachais)

**Figiúr 21 Daonra na gcainteoirí Gaeilge laethúla (77,185 duine)**




## Páiste ba ea duine as gach ceathrar cainteoirí laethúla

Léiríonn figiúr 21 struchtúr aoise agus inscne na gcainteoirí Gaeilge laethúla in 2011.

Bhí aon cheathrú (nó 25.4%) de chainteoirí Gaeilge laethúla ar fad san aois scoile idir 3 bliana agus 18 mbliana. Astu seo, bhí 10,343 baineannach agus 9,239 fireannach.

Bhí os cionn leath (53.5%) de chainteoirí Gaeilge laethúla, nó 41,209 duine, d'aois idir 25 agus 64 bliana agus baineannaigh ba ea an chuid is mó díobh seo (23,342).

Bhí na buaicaoiseanna do chainteoirí Gaeilge laethúla sna luathbhlianta scoile idir 5 bliana agus 10 mbliana. Chonacthas buaic sna 30aidí déanacha agus sna 40aidí luatha. Sna haoisghrúpaí seo, ach go háirithe, shroich na baineannaigh a mbuaicphointe ag aois 39 agus na fireannaigh ag aois 38.

Bhí beagán níos mó fireannaigh san aoisghrúpa 50-70. Mar shampla, bhí 1,123 cainteoir Gaeilge laethúil fireannach in aghaidh gach 1,000 cainteoir Gaeilge laethúil baineannach san aoisghrúpa 70-74 in 2011.

# Cainteoirí Gaeilge laethúla de réir ceantair

## Gaeilge laethúil láidir i gceantair tuaithe

As an 77,185 cainteoir Gaeilge laethúla in Éirinn in 2011, bhí 33,424 duine nó 43.3 faoin gcéad áirithe i bhfíor-cheantar tuaithe, leis an 43,761 eile áirithe i mbailte.

Léiríonn tábla L na bailte leis an gcion is airde cainteoirí Gaeilge laethúla i mí Aibreáin 2011. Bhí sé cinn den deich mbaile is airde i nDún na nGall. Bhí trí bhaile sa liosta seo ag contae na Gaillimhe, ceann acu, Cill Rónáin, atá ar Inis Mór, amach ó chósta na Gaillimhe.

Ar bhailte níos mó, le daonra de 1,500 nó níos mó acu, nach mór a lua tá An Daingean (16.4%) i gCiarraí, Bearna (8.4%) agus Maigh Cuilinn (6.5%) i gcontae na Gaillimhe, áit ina raibh cion na gcainteoirí Gaeilge laethúla i bhfad os cionn meán an Stáit de chuid 1.8 faoin gcéad.

As na bailte le daonra de 10,000 nó níos mó acu, i Leitir Ceanainn bhí 3.1 faoin gcéad dá dhaonra d'aois 3 bliana nó níos sine a labhair Gaeilge go laethúil, an céatadán is airde de na bailte seo.

As na cathracha, bhí an cion is airde dá daonra (d'aois 3 bliana nó níos sine) ag cathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte a labhair Gaeilge ar bhonn laethúil (3.3%).

**Tábla L Bailte leis an gcéatadán is airde de chainteoirí Gaeilge laethúla, 2011**

| Baile | Contae | Líon daoine d'aois 3 bliana nó níos sine | % cainteoirí Gaeilge laethúla |
|---|---|---|---|
| | | | % |
| Mín Lárach | Dún na nGall | 424 | 81 |
| Rann Na Feirste | Dún na nGall | 338 | 70 |
| Bun Na Leaca | Dún na nGall | 416 | 63 |
| An Cheathrú Rua | Gaillimh | 783 | 62 |
| An Bun Beag-Doirí Beaga | Dún na nGall | 1,506 | 60 |
| Gort An Choirce | Dún na nGall | 189 | 46 |
| Cill Rónáin | Gaillimh | 291 | 44 |
| An Spidéal | Gaillimh | 237 | 41 |
| Loch an Iúir | Dún na nGall | 322 | 40 |
| Béal Átha an Ghaorthaidh | Corcaigh | 231 | 38 |

**Tábla M Bailte leis an líon is airde cainteoirí Gaeilge laethúla, 2011**

| Baile | Líon daoine d'aois 3 bliana+ | Líon cainteoirí Gaeilge laethúla | % cainteoirí Gaeilge laethúla |
|---|---|---|---|
| | | | % |
| Cathair agus bruachbhailte BÁC | 1,061,832 | 14,229 | 1.3 |
| Cathair agus bruachbhailte Chorcaí | 190,674 | 2,843 | 1.5 |
| Cathair agus bruachbhailte na Gaillimhe | 73,675 | 2,419 | 3.3 |
| Cathair agus bruachbhailte Luimnigh | 87,355 | 1,074 | 1.2 |
| An Bun Beag-Doirí Beaga | 1,506 | 897 | 59.6 |
| Leitir Ceanainn | 18,549 | 569 | 3.1 |
| An Cheathrú Rua | 783 | 483 | 61.7 |
| Sord | 34,715 | 471 | 1.4 |
| Cathair agus bruachbhailte Phort Láirge | 49,104 | 459 | 0.9 |
| Bré | 30,517 | 431 | 1.4 |

## Cathair agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath

Mar gheall líon fairsing a daonra, bhí an líon is mó cainteoirí Gaeilge laethúla ag cathair Bhaile Átha Cliath agus a bruachbhailte le 14,229 duine, ar ionann sin agus 18.4 faoin gcéad de chainteoirí Gaeilge laethúla uile. Le chéile bhí 6,336 cainteoir Gaeilge laethúil ag Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach, cothrom le 8.2 faoin gcéad den iomlán.

## Bailte bhord farraige an iarthair


I ndiaidh na cathracha bhí an líon absalóideach is airde cainteoirí Gaeilge laethúla sna bailte beaga ar chóstaí thiar Dhún na nGall, na Gaillimhe agus Chiarraí. Bhí an líon is airde cainteoirí Gaeilge laethúla ag an Bun Beag-Doirí Beaga i nDún na nGall le 897 cainteoir Gaeilge laethúil, Leitir Ceanainn le 596 agus an Cheathrú Rua i gcontae na Gaillimhe le 483 cainteoir.

## Is fíric í!

**2.5%** An céatadán daoine sna fíor-cheantair tuaithe a labhair Gaeilge go laethúil in 2011


**1.4%** An céatadán daoine i mbailte a labhair Gaeilge go laethúil in 2011

**Léarscáil 6 Teaghlaigh le cainteoirí Gaeilge laethúla nó seachtainiúla, le ceantair Ghaeltachta léirithe**



# Cainteoirí Gaeilge laethúla

**Figiúr 22 Próifíl aois agus stádais eacnamaíoch na gcainteoirí Gaeilge laethúla, 2011 (77,185 duine)**




## Is fíric í!

**3,249** Líon na múinteoirí bunscoile a labhair Gaeilge go laethúil lasmuigh den scoil in 2011

**2,074** Líon na múinteoirí meánscoile a labhair Gaeilge go laethúil lasmuigh den scoil in 2011

**1,033** Líon na bhfeirmeoirí ag obair a labhair Gaeilge go laethúil in 2011

## Rátaí rannphairtíochta an lucht saothair

B'ionann rátaí rannphairtíochta an lucht saothair do chainteoirí Gaeilge laethúla d'aois 15 agus os cionn agus 62.9 faoin gcéad d'fhireannaigh agus 53.9 faoin gcéad do bhaineannaigh. Bhí na rátaí seo níos ísle ná na rátaí comhfhreagracha don daonra trí chéile (ráta fireannaigh 69.4%, ráta baineannaigh 54.6%) in 2011.

## Dífhostaíocht níos ísle

Bhí na rátaí dífhostaíochta ar bhonn daonáirimh do chainteoirí Gaeilge laethúla, d'fhireannaigh agus do bhaineannaigh faoi seach, cothrom le 19.3 agus 10.8 faoin gcéad i comparáid le 22.3 agus 15 faoin gcéad don daonra trí chéile in 2011.

## Grúpa Socheacnamaíoch

Bhí cion níos airde cainteoirí Gaeilge laethúla sannta ar an dá ghrúpa socheacnamaíoch B - Gairmiúil ar ardghrád (8.1%) agus C - Gairmiúil ar ghrád íseal (24.2%) ná mar a bhí sannta sa daonra trí chéile d'aois 3 bliana agus níos sine (6.3% agus 12 % faoi seach). An chúis leis seo ná an líon sách ard múinteoirí bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal, altraí agus mná cabhrach a labhair Gaeilge ar bhonn laethúil in 2011.


*Tábla leathanach 70*

## Gnóthachtáil ardoideachais

Bhí oideachas níos airde ag cainteoirí Gaeilge laethúla ná mar a bhí ag an daonra i gcoitinne, mar a léirítear i bhfigiúr 23.

As na cainteoirí Gaeilge laethúla sin a chríochnaigh a gcuid oideachais, bhí céim tríú leibhéal nó níos airde ag 43.8 faoin gcéad. Bhí sé seo i gcomparáid le ráta 25.8 faoin gcéad don Stát trí chéile (féach figiúr 23).

**Figiúr 23 Leibhéal oideachais na gcainteoirí Gaeilge laethúla agus iomlán ndaoine, 2011**



# An Ghaeltacht

## Na ceantair Ghaeltachta

Tá na ceantair Ghaeltachta sainithe faoi Orduithe na Limistéar Gaeltachta 1956-1982, agus cludaítear ceantair sna seacht gcontaetha Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, an Mí, Maigh Eo agus Port Láirge.

In 2011, bhí líon iomlán 96,628 duine d'aois 3 bliana agus níos sine sna ceantair Ghaeltachta, ag léiriú meadú de chuid 5.2 faoin gcéad ar an 91,862 duine in 2006.

Dúirt líon iomlán 66,238 duine (d'aois 3 bliana agus níos sine) nó 68.5 faoin gcéad de dhaoine i gceantair Ghaeltachta go rabhadar in ann Gaeilge a labhairt in 2011. Méadú de chuid 1,973 duine ar an mbliain 2006 ba ea é seo. Mar sin féin, tá an cion a labhraíonn Gaeilge tite ó 70 faoin gcéad in 2006.


## 1 as 4 ina gcainteoirí laethúla

B'ionann líon na gcainteoirí laethúla lasmuigh den chóras oideachais i réigiúin Ghaeltachta agus 23,175 duine nó 24 faoin gcéad den líon iomlan daoine d'aois 3 bliana agus níos sine sna réigiúin sin. Bhí 6,813 breise a labhair Gaeilge ar bhonn seachtainiúil. Léirigh thart ar 4,682 duine go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt ach nár labhair siad í go rialta.

## Próifíl aoise

Léiríonn figiúr 24 pirimid daonra de dhaoine (d'aois 3 bliana agus níos sine) sna réigiúin Ghaeltachta de réir cumais agus miniciocht labhartha na Gaeilge. Is féidir líon ard na bpáistí scoile a labhair Gaeilge go laethúil a fheiceáil (barraí gorm dorcha) sna haoiseanna 5 go 18. Bhí cainteoirí laethúla (barraí gorm éadrom) go fairsing sna haoisghrúpaí uile. ach bhí cion ard daoine nach raibh in ann Gaeilge a labhairt chomh maith, áfach.

**Figiúr 24 Daonra (d'aois 3 bliana nó níos sine) i gceantair Ghaeltachta de réir minicíocht labhartha na Gaeilge, 2011 (96,628 duine)**




**Tábla N Gairmeacha is mó ag obair a labhair Gaeilge go laethúil sna réigiúin Ghaeltachta, 2011**

| Gairm | Daoine |
|---|---|
| Feirmeoirí | 639 |
| Múinteoirí bunscoile agus réamhscolaíochta | 594 |
| Múinteoirí meánscoile | 335 |
| Gairmeacha riaracháin eile (nach bhfuil ráite in áit ar bith eile) | 304 |
| Cúntóirí díolacháin agus miondíola, airgeadóirí agus oibreoirí pointí íoctha | 283 |
| Oibrithe cúraim agus cúramóirí baile | 234 |
| Altraí agus altraí cnáimhseachais | 228 |

# Is fíric í!

**10,085** An líon daoine a labhair Gaeilge ar bhonn laethúil i gceantair Ghaeltacht chontae na Gaillimhe in 2011 (ag léiriú 43.5% de chainteoirí Gaeilge laethúla i gceantair Ghaeltachta uile in 2011)

**7,047** An líon daoine a labhair Gaeilge ar bhonn laethúil i gceantair Ghaeltacht Dhún na nGall in 2011 (ag léiriú 30.4% de chainteoirí Gaeilge laethúla i gceantair Ghaeltachta uile in 2011)